

Annual Report Tuarascáil Bhliantúil 2023



**When the Moon Spun Round by Fidget
Feet and Ceol Connected, featuring
Thomas Johnston and Vítor Bassi
Photographer: Anita Murphy**

When the Moon Spun Round le Fidget
Feet agus Ceol Connected, le Thomas
Johnston and Vítor Bassi
Grianghrafadóir: Anita Murphy

Annual Report 2023 Tuarascáil Bhliantúil 2023

ISBN: 1-904291-72-4 978-1-904291-72-5 NTR

The Arts Council

70 Merrion Square,
Dublin 2, D02 NY52 Ireland

An Chomhairle Ealaíon

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, D02 NY52 Éire

www.artscouncil.ie

facebook.com/artscouncilireland

twitter.com/artscouncil_ie

instagram.com/artscouncilireland

linkedin.com/company/the-arts-council-ireland

t +353 1 618 0200

Clare Sands, Next Generation Award Publication.

Photographer: Claire Nash.

Clare Sands, Foilsíú na Dámhachtana d'Ealaíontóirí na Chéad Ghlúine Eile.

Grianghrafadóir: Claire Nash.



Big Bang Festival, The Ark.
Photographer: Kyle Tunney.
An Fhéile Big Bang, The Ark.
Grianghrafadóir: Kyle Tunney.



The Arts Council

Who we are and what we do

The Arts Council is the Irish government agency for developing the arts. We work in partnership with artists, arts organisations, public policy makers and others to build a central place for the arts in Irish life.

We provide financial assistance to artists, arts organisations, local authorities and others for artistic purposes. We offer assistance and information on the arts to government and to a wide range of individuals and organisations. As an advocate for the arts and artists, we undertake projects and research, often in new and emerging areas of practice, and increasingly in cooperation with partner organisations.

The Arts Council received €130 million in grant-in-aid from the exchequer for 2023.

An Chomhairle Ealaíon

Ár ról agus ár gcuid oibre

Is í an Chomhairle Ealaíon gníomhaireacht Rialtas na hÉireann le haghaidh na healaíona a fhorbairt. Oibrímid i gcomhpháirt le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, le lucht déanta beartas poiblí agus le daoine eile chun áit lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann.

Tugaimid cúnamh airgeadais d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí ealaíon, d'údaráis áitiúla agus do dhaoine eile ar mhaithe le cúrsaí ealaíne. Cuirimid comhairle agus eolas i dtaobh na n-ealaíon ar fáil don Rialtas agus do raon leathan daoine aonair agus eagraíochtaí. Agus muid ag saothrú ar son na n-ealaíon agus ealaíontóirí, tugaimid faoi thionscadail agus faoi thaighde. Baineann cuid mhór díobh seo le réimsí nua den chleachtas ealaíne atá ag teacht chun cinn agus is minic a dhéantar an obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta.

Fuair an Chomhairle Ealaíon €130 milliún de dheontas i gcabhair ón státchiste sa bhliain 2023.



Contents

Clár Ábhair

10	Chair's Statement
16	Director's Statement
22	Council Membership 2023
26	Ráiteas an Chathaoirligh
32	Ráiteas an Stiúrthóra
38	Baill na Comhairle 2023
42	Financial Statements Ráitis Airgeadais



Happy Little Things, Ballet Ireland.

Photographer: Andrew Ross.

Créatúiríní Sona Sásta, Ballet Ireland (Bailé Éireann).

Grianghrafadóir: Andrew Ross.





Chair's Statement Maura McGrath

With the pandemic and lockdowns firmly behind us, 2023 began with a tangible sense of hope and optimism across the arts sector. Within the Arts Council, maintaining our historic funding level at €130m for 2023, meant we could continue to deliver needed resources and support to artists and arts organisations across the country at this new level, holding firm to our ambition that more great art would be created, and that arts audiences would increase as the opportunities to engage with their local artists and arts organisations grew.

In January, the Council announced that over €50m in Strategic Funding would be distributed to 107 organisations across Ireland. From theatre to traditional arts, from jazz to fiddle festivals, and from visual arts to literature, the funding decisions recognized the world class talent and innovation of these organisations and helped consolidate their positions and the important roles they play within their communities.

Funding of €9m was allocated to 42 Arts Centres across all parts of the country – an acknowledgement of their role as vital spaces where artists and audiences meet. Funding was also increased to Ealaín na Gaeltachta towards supporting artists and arts audiences in our Gaeltacht regions. Alongside this stream

of funding, the Council also made allocations of €19m in individual artist awards, including the Agility Award introduced in response to the pandemic. €28m was allocated towards Arts Grant Funding, Project Awards, Festivals and Touring, while a further €13m was invested in development projects including Creative Schools, Creative Places, Creative Europe and Culture Night, and towards the Arts Council's Equality, Diversity and Inclusion plans.

The announcement in February of over €695,000 for the Visual Artists Workspace Scheme 2023, representing a 50% increase year on year, included grants of up to €50,000 made available towards the running costs of visual artists' workspaces; a critical component of the infrastructure for the arts nationally. In line with the Council's Making Great Art Work strategy, this year's funding was distributed to 30 studios/workspaces across 13 counties. Given the ongoing shortage of artists' studios, rising costs and insecure tenancy agreements, the scheme helped ensure that artists could continue making their work in creator-friendly environments with improved peace of mind.

This was followed by the launch of ART:2023, a significant programme of events run during 2023 and into April 2024 in partnership with the the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, to mark the final phase of the Decade of Centenaries Programme 2012-2023. Special project funding of €2.6m



Arts Council staff celebrating Pride 2023.
Foireann na Comhairle Ealaíon ag ceiliúradh Bród 2023.

was provided to 10 arts organisations and 24 Next Generation artists to create new works of ambition and scale that reflected the themes of the programme. ART:2023 acted as a timely acknowledgement of the crucial role that artists have played in Irish life since the foundation of the State, while giving a voice to present-day artists and organisations, encouraging them to contribute to how our society will look into the future.

The 40th anniversary of Aosdána in 2022, was marked this April with the publication of Aosdána Beginnings; researched and thoughtfully written by Mark Duncan, the impressive hardback with illustrated text charts the evolution of the organisation since its foundation in 1981. Supported by the Arts Council, Aosdána has, over 40 years, enabled artists across the disciplines of architecture, choreography, music, literature and visual art to create exceptional work that gives Ireland its creative and cultural credentials.

In counterpoint to its publishing celebrations, this year Aosdána sadly announced the passing of five of its members; writer and popular nature journalist Michael Viney; prolific Irish writer and poet Críostóir Ó Floinn; distinguished composer and Saoi, Seóirse Bodley; gifted painter and Saoi Camille Souter; and renowned poet Maurice Scully.

A reminder that our aforementioned 'cultural credentials' need vigilance, came with the publication in August of the Arts Council's new Equality, Diversity and Inclusion (EDI) Implementation Plan 2023-2028. Built on the foundation that everyone in Ireland has an equal right to engage with, and participate in the arts, regardless of age, civil or family status, disability, gender, membership of the Traveller community, race, religion, sexual orientation or socioeconomic status, the new five-year plan firmly placed equality and inclusion at the heart of the Council's operational and strategic plans.

Patricia Forde with young students at Laureate na nÓg launch.
Photographer: Kenneth O'Halloran of Julien Behal Photography.
Patricia Forde máille le scoláirí óga ag seoladh Laureate na nÓg.
Grianghrafadóir: Kenneth O'Halloran of Julien Behal Photography.



Culture Night Launch 2023.
Photographer: Julien Behal.
Seoladh Oíche Chultúir 2023.
Grianghrafadóir: Julien Behal.



The Council's Head of Equality, Diversity and Inclusion Dr. Suha Shakkour, was guided in her work by the findings of the Equality Data & Arts Council Awards Report 2022 on disability, ethnicity and gender in individual awards for 2022, which showed females, white Irish individuals, and artists based in Dublin are disproportionately over-represented; people with disabilities are under-represented; and Irish Traveller or Black/Black Irish males are more likely to be categorised as ineligible. The report provided essential data around the challenges faced by artists in Ireland today, while acting as a guide for the Council in developing specific actions to directly address these barriers.

There was good news for 597 artists in October with the Council's Agility Awards funding announcement of over €2.8m. Awardees across the four provinces spoke of how the award would allow them to fulfil long-term ambitions, support them, and how receiving an award like this for the first time was a real validation of their passion for their work.


The importance of the Council's role as advocate for, and champion of artists in this country was further underlined by the announcement of €134m funding as part of Budget 2024. An increase on the previous year's funding, it enables the Arts Council, working with The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, and Minister Catherine Martin to continue to provide meaningful support for continuing excellence in arts output across the country in the coming year. The Arts Council itself prioritises keeping its own running costs within budget and fully transparent.

While the enthusiastic proliferation of art across digital and social platforms took hold out of necessity during the lockdown, it is today a bona fide avenue for artistic expression and engagement. To ensure the future of this ecosystem, the Council launched its new Digital Arts Policy in November, laying out a path to securing the knowledge, skills and funding needed to support this evolving activity and ensure that artists and audiences can engage with digital art across Ireland and internationally.

Back in the land of more traditional media, in November the Arts Council was delighted to extend its heartfelt congratulations to Paul Lynch, winner of the Booker Prize 2023 for his novel *Prophet Song*. An additional layer of pride came from the Council's support for his writing through multiple bursaries and the Maynooth Writer in Residence position this year. As the sixth Irish author to earn this prestigious prize, Paul Lynch now joins the ranks of esteemed Irish authors who have claimed the Booker, including Iris Murdoch, Roddy Doyle, John Banville, Anne Enright and Anna Burns.

As I write this in June 2024, I have just assumed the role of Chair of the Arts Council. The Arts Council's record budget of €134m for this year has continued to enable meaningful investment in the arts across Ireland. It has provided essential supports for individual artists and continues to build up the wider arts infrastructure for the long-term benefits of our talented Irish artists and their loyal audiences.

The achievements outlined have been driven forward with the guidance of the former Chair, Professor Kevin Rafter, who moved on to take up a Fulbright opportunity in Boston. We in the Arts Council are most grateful to him and wish him well. I am also extremely grateful to Deputy Chair Philomena Poole who generously provided sure and steady leadership over the last six months. Finally, I wish to thank all my fellow board members (past and present), as well as a sincere thanks to the Director and Executive of the Arts Council for their extraordinary commitment and dedication to the Arts in Ireland.



Maura McGrath
Chairperson
19 June 2024







Director's Statement

Maureen Kennelly

Amongst artists and arts organisations throughout 2023, there appeared to be an added layer of enthusiasm and celebration around the multitude of events, exhibitions, performances and festivals that took place in every county throughout the year. Perhaps it was the final lingering shadow of lockdown dissipating in the light of new beginnings, which brought a newfound freedom to express, create and embrace artistic endeavour wherever it could be found.

Channelling that sense of artistic possibility, the Arts Council's first event of 2023 was the Night-Time Economy Forum; a gathering of international experts with national and local arts practitioners, to learn more about the development of a vibrant, diverse and sustainable night-time economy here in Ireland. Speakers from the fields of place-making and destination development shared their expertise and experiences of how other European cities have re-designed cultural spaces and the public realm to re-invigorate their night-time economies. Irish perspectives around uncovering the potential of public venues and cultural spaces were discussed during panel sessions with leaders from the Dublin Fringe Festival, the Kerry Writers' Museum and the Birr Theatre and Arts Centre .

By November 2023, the seeds of that Night-Time Economy Forum were already bearing fruit as evidenced by funding awards to 14 Arts Centres who will be opening their doors into the night during the coming year, as part of the Arts Council's Late Night Events Pilot Scheme. The proposals from the Arts Centres promise to deliver exciting late night cultural experiences in 2024 for audiences and artists alike. The amount awarded across the 14 Art Centres was €723,407 – including additional funding from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media - and the recipients were; Triskel Arts Centre, RUA RED, Complex Productions Ltd, The Donegal Regional Cultural Centre, The Dock, Droichead Arts Centre, Backstage Theatre, Galway Arts Centre, The Lime Tree/Belltable, The Model, An Táin Arts Centre, Everyman, Waterford Theatre Royal Society and Mermaid Arts Centre.

March brought a shift towards a more daytime-friendly demographic with the launch of the second Creative Youth Plan 2023-2027 – a multi-stranded initiative across the Departments of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media; Education; Children, Equality, Disability, Integration and Youth; Further and Higher Education, Research, Innovation and Science. The Arts Council continued to lead the Creative Schools initiative, part of its ongoing commitment to placing art and creativity at the heart of young people's lives in Ireland.

Trajal Harrell, The-Köln-Concert.
Photographer: Reto Schmid.
Trajal Harrell, The-Köln-Concert.
Grianghrafadóir: Reto Schmid.



Since Creative Schools first launched in 2018, preliminary findings from research conducted by DCU include enthusiastic reports from participating schools, citing the positive impact on the children's development and well-being, with praise for the programme's child-led approach. Later in the year, the Council expanded the reach of its plan by partnering with the Department of Children, Equality, Disability and Youth (DCEDIY) to pilot an Arts in Early Learning & Care (ELC) and School Age Childcare (SAC) scheme.

The success of Creative Schools Week in May with its theme 'Creativity Lives Here! / Tá Beocht na Cruthaitheachta Anseo!' spread outwards, and before year end, 141 new schools and centres across Ireland had signed up to be part of the initiative; a testament to the keen interest of children, young people and their teachers for the opportunity to participate in making art.

In May, the Arts Council looked west to Galway for the Festival Makers Conference held in partnership with the Department of Drama and Theatre Studies at the University of Galway and the Creative Europe Desk Ireland. During the pandemic, Irish festivals had to adapt quickly and with imagination to ensure audiences could continue to enjoy their particular offerings. Thankfully, this year's two-day festival conference was held entirely in person, with 250 festival makers and artists sharing ideas and discussing best festival practice. The insightful keynote address by Kim Cook of Burning Man Festival (Nevada, U.S.) was followed by panel sessions and workshops around festival-related topics including; Festival Audiences and the Digital Experience, Moving Towards Sustainable Festival Futures, Developing Safer, Respectful, Inclusive Conditions for Festival Workers, Valuing and Developing Volunteering and Children's Programming in Festivals.

One of the cornerstones of the Arts Council's ongoing work is our determination to provide access to the arts, no matter where people live in Ireland. The Council's Creative Places programme is vital in this regard, enabling artists to work in their own communities and collaborate with local businesses, community

groups and other creative partners. Therefore, it was particularly satisfying to be in a position to invest €1.7m in 7 new Creative Places this year. The funding went to; Enniscorthy, County Wexford; Balbriggan, North County Dublin; MacUílliam, Tallaght; Uíbh Ráthaigh, Kerry - all for three-year programmes. Additionally, Edgeworthstown, County Longford; Ballyconnell, County Cavan; and Ballaghaderreen, County Roscommon received research awards to develop their Creative Places. This brings to 17 the number of Creative Places funded under this initiative since 2020. The programme's success to date is a tribute to the commitment of artists, arts organisations local authorities, community development organisations, and local communities in these towns.


It was timely that Creative Places and its focus on extending the nationwide reach of artistic and cultural activity, was followed by the release of the Art's Council's Three-Year Plan 2023-2025; "More people, more places, more spaces". Setting out the organisation's renewed ambition for the second half of 2023 and onwards to 2025, the plan commits that more people than ever would be supported, funded and engaged with the arts and that there would be more places to experience the arts. The new plan also allows the organisation to continue to deliver on its other key policies including 'Pay the Artist' and 'Equality, Diversity and Inclusion'.

On Friday 22nd September, Culture Night took place for the 18th time, uniting hundreds of thousands of people in their enjoyment of free cultural activities, events, performances and exhibitions. Importantly, the Arts Council's Paying the Artist policy ensured that the artists themselves were also supported for the imagination and commitment they brought to this major national celebration. And while the streets of our cities and towns came alive with the arts, the Read Mór project returned for its second year, this time in partnership with the HSE and Healthy Ireland. Hundreds of patients in selected hospitals across the country received a choice of wonderful books by Irish-based authors, including Molly Twomey, Majed Mujed, Tristan Rosenstock, Nuala Ní Dhomhnaill and Emma Donoghue.

As 2023 drew to a close, the Next Generation Artists' Symposium in Dublin Castle marked the ninth and final year of the hugely successful Next Generation Artists' Award scheme. This type of direct support for emerging artists across all disciplines, at an early and pivotal stage in their careers, has enabled some of our most exciting young artists to gain a previously unimagined foothold in their chosen art form. In turn, their work will inspire future generations of artists to similar levels of excellence and ambition.

In November 2023, Irish writer Paul Lynch received the Booker Prize for his powerful novel 'Prophet Song'. When asked why Ireland produces so many good writers, he talked about the influence of great Irish writers of the past; 'Writers like Beckett or Joyce don't just

produce great works of literature, they transmit into the culture a massive energy and we're still drawing on that, whether we realise it or not.' The Arts Council will continue to draw upon the energy of our hugely talented and imaginative artists across all art forms, and support them to produce great art that sets Ireland apart.



Maureen Kennelly

Director

19 June 2024

ROMANTIC IRELAND, Eimear Walshe.

Photographer: Faolán Carey.

ROMANTIC IRELAND, Eimear Walshe.

Grianghrafadóir: Faolán Carey.





**Will Flanagan as The Collector in
The Presence of Absence.**

Photographer: Marcin Lewandowski.

Will Flanagan mar an Bailitheoir in
The Presence of Absence.

Grianghrafadóir: Marcin Lewandowski.

Our Values

As a statutory public body the Arts Council operates within a framework of legal and regulatory obligations and a range of codes of good practice. In addition we are guided by a set of values that includes:

- **Freedom of thought and of expression**
which is essential to the development of new ideas and new work
- **Commitment to excellence**
in all aspects of our own work and of that of artists, arts organisations, and others we support
- **Integrity, accountability, transparency**
in all of our decision-making and especially in our investment of public monies
- **Respect for diversity of artistic practice**
of public engagement, and of social and cultural traditions
- **Collegiality**
communicating and working respectfully with partners, stakeholders and the whole arts sector

Our Vision

We are inspired by the prospect of an Ireland

- where the arts are valued as central to civic life, as a hallmark of local and national identity, and as sign and signature of our creativity as a people
- where the arts are practised and enjoyed widely in our communities, public spaces (real and virtual) and in dedicated venues and centres across the country
- where artists and practitioners whose exceptional talent and commitment lead them to work professionally in the arts can have productive and rewarding careers
- where local and national politicians, decision-makers and officials in a wide range of departments and agencies recognise the distinctive societal value of the arts and provide for them accordingly
- where the Arts Council as the national development agency for the arts is resourced adequately to address the full breadth of its remit

Our Mission

Our mission is to lead the development of the arts in Ireland. We do this in four ways:

- We advocate the importance and value of the arts and promote their practice and development
- We advise government and others on the arts as required by the Arts Act
- We invest public monies allocated to us by government in supporting artists and arts organisations to make work of excellence and in other actions consistent with our remit
- We work in partnership with the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport & Media and with other government departments as well as with local government and with agencies and organisations within and beyond the cultural sector

Council Membership



Maura McGrath



Teresa Buczkowska



Andrew Clancy



Róise Goan



Aoife Granville



Brian Lavery



Philomena Poole



Jillian van Turnhout



Melatu Uchenna Okorie



Brian Ó Gáibhín



Gary Granville



Gaby Smyth



Richard Yarr

Venous Returns, Kate Finegan.
Photographer: Laura Sheeran.
Venous Returns, Kate Finegan.
Grianghrafadóir: Laura Sheeran.



Dancers near the Cliffs of Moher, Irish Aerial Creation Centre.
Photographer: Gary de Búit.
Rinceoirí in aice le hAillte an Mhothair, Irish Aerial Creation Centre.
Grianghrafadóir: Gary de Búit.







**Mon Ceour, Festival Iberoamericano de Circo ,
featuring Aisling Ní Cheallaigh.**

Photographer: Gaby Merz.

Mon Ceour, Festival Iberoamericano de Circo.
Ie Aisling Ní Cheallaigh.

Grianghrafadóir: Gaby Merz.



Ráiteas ón gCathaoirleach Maura McGrath

Agus an phaindéim agus na dianghlásálacha curtha dinn, bhí dóchas agus misneach le brath ag tús na bliana 2023 ar fud earnáil na n-ealaíon. Laistigh den Chomhairle Ealaíon, choinníomar ár leibhéal maoinithe ag €130m le haghaidh 2023, rud a d'fhág go rabhamar in ann na hacmhainní agus an tacaíocht a bhí ag teastáil ó ealaíontóirí agus ó eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre, a thabhairt dóibh ag an leibhéal nua seo, ag cloí go daingean lenár n-uaimhian go gcruthófaí níos mó ealaín iontach, agus go dtiocfadh borradh faoi lucht féachana agus éisteachta na n-ealaíon de réir mar a thiocfadh méadú ar na deiseanna le bheith rannpháirteach lena n-ealaíontóirí áitiúla agus lena n-eagraíochtaí áitiúla.

I mí Eanáir, d'fhógair an Chomhairle go leithdháilfí os cionn €50m de Mhaoiniú Straitéiseach ar 107 eagraíocht ar fud na hÉireann. Aithníodh sna cinntí maoinithe an tallann agus an nuálaíocht den chéad scoth a bhí ag na heagraíochtaí sin ó amharclannaíocht go dtí na healaíona traidisiúnta, ó fhéilte snagcheoil go féilte fidleacha, agus ó na hamharc-ealaíona go litríocht, agus chuidigh na cinntí sin na ról thábhachtacha atá acu ina bpobail a dhaingniú.

Leithdháileadh maoiniú dar luach €9m ar 42 Ionad Ealaíne ar fud na tíre – aitheantas a bhí ann dá ról mar spásanna riachtanacha ina gcasann ealaíontóirí agus an lucht féachana le chéile. Méadaíodh an maoiniú d'Ealaín na Gaeltachta i dtreo tacú le healaíontóirí agus le lucht féachana na healaíne inár réigiúin Ghaeltachta. Mar aon leis an sruth maoinithe sin, rinne an Chomhairle leithdháiltí dar luach €19m i ndámhachtainí d'ealaíontóirí aonair, lena n-áirítear an Dámhachtain Lúfaireachta a tugadh isteach mar fhreagairt

don phaindéim. Leithdháileadh €28m i dtreo maoiniú deontais do na healaíona, dámhachtainí tionscadail, féilte agus camchuartaíocht, agus infheistíodh €13m eile i dtionscadail forbartha lena n-áirítear Scoileanna Ildánacha, Áiteanna Ildánacha, an Eoraip Chruthaitheach agus Oíche Chultúir, agus i dtreo phleananna Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta na Comhairle Ealaíon.

San áireamh leis an bhfógra i mí Feabhra le haghaidh luach os cionn €695,000 do Scéim Spás Oibre na n-Amharc-ealaíontóirí 2023, ina léiríodh méadú de 50% in aghaidh na bliana, cuireadh deontais suas le €50,000 ar fáil i dtreo costais reatha maidir le spásanna oibre na n-amharc-ealaíontóirí; agus is comhpháirt riachtanach í sin d'infreastruchtúr na n-ealaíon ar fud na tíre. De réir straitéis na Comhairle Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, leithdháileadh maoiniú na bliana seo ar 30 stiúideo/spás oibre ar fud 13 thír. Ó tharla go bhfuil ganntanas ann i gcónaí maidir le stiúideonna d'ealaíontóirí, agus de bharr na gcostas méadaithe agus na gcomhaontaithe tionóntachta neamhdhaingne, chuidigh an scéim lena chinntiú go raibh na healaíontóirí in ann leanúint dá gcuid oibre a dhéanamh i dtimpeallachtaí atá feiliúnach do chruthaitheoirí agus suaimhneas intinne níos fearr a bheith acu.

Ina dhiaidh sin, seoladh clár suntasach imeachtaí darbh ainm EALAÍN:2023 le linn 2023 agus lean sé ar aghaidh go dtí mí Aibreáin 2024 i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcéim dheiridh de Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023. Cuireadh maoiniú tionscadail speisialta ar fáil dar luach €2.6m do 10 n-eagraíocht ealaíne agus do 24 ealaíontóir na Chéad Ghlúine Eile chun saothair ealaíne uaimhíne nua a chruthú ina léirítear téamaí an chláir. D'fheidhmigh EALAÍN:2023 mar aitheantas tráthúil do ról riachtanach a bhí ag ealaíontóirí i saol na hÉireann ó bunaíodh an



Arts Council staff celebrating Pride 2023.
Foireann na Comhairle Ealaíon ag ceiliúradh Bród 2023.

Stát, agus guth a thabhairt d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí an lae inniu, agus iad a spreagadh chun cur leis an gcuma a bheidh ar ár sochaí amach anseo.

Rinneadh comóradh 40 bliain ar Aosdána in 2022, agus rinneadh comóradh air seo i mí Aibreáin na bliana seo leis an bhfoilseachán Aosdána Beginnings, a ndearna Mark Duncan taighde air agus a scríobh sé go machnamhach; is clúdach crua atá ann le téacs léirithe a léiríonn éabhlóid na heagraíochta ó bunaíodh í in 1981. Tá Aosdána ag fáil tacaíocht ón gComhairle Ealaíon le 40 bliain anuas, agus is í a chumasaigh na healaíontóirí ar fud na ndisciplíní ailtireacht, cóiréagrafaíocht, ceol, litríocht agus amharc ealaín chun saothar eisceachtúil a chruthú is cúis le hÉirinn a bheith aitheanta mar thír atá cruthaitheach agus cultúrtha.

Cé gurb iontach an rud é ceiliúradh a dhéanamh ar fhoilseacháin Aosdána, ábhar bróin a bhí ann nuair a d'fhógair Aosdána gur cailleadh cúigear dá bhall: scríbhneoir agus iriseoir dúlra cáiliúil Michael Viney; scríbhneoir bisiúil Éireannach agus file Críostóir Ó Floinn; cumadóir agus Saoi mór le rá, Seóirse Bodley; péintéir tréitheach agus Saoi tréitheach Camille Souter; agus an file clúiteach Maurice Scully.

Tháinig meabhrúchán chun cinn go gcaithfidimid a bheith faoin airdeall maidir lenár 'n aitheantas cultúrtha' a luadh roimhe seo, nuair a foilsíodh Plean Forfheidhmithe Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CÉI) 2023 2028 de chuid na Comhairle Ealaíon. Tá sé bunaithe ar an mbunús go bhfuil an ceart céanna ag gach duine in Éirinn dul i ngleic leis na healaíona agus páirt a ghlacadh iontu, beag beann ar aois, stádas sibhialta ná teaghlaigh, míchumas, inscne, ballraíocht de phobal an Lucht Siúil, cine, reiligiún, gnéaschlaonadh, ná stádas socheacnamaíoch, tá comhionannas agus ionchuimsitheacht ag croílár phleananna straitéiseacha agus oibríochta na Comhairle a bhui leis an bplean nua cúig bliana.

Is í Dr. Suha Shakkour Ceann an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus na hIonchuimsitheachta, agus fuair sí treoir ina cuid oibre a bhui leis na torthaí a fuarthas sa Tuarascáil maidir le Sonraí Comhionannais agus Dámhachtainí na Comhairle Ealaíon 2022 faoi mhíchumas, eitneacht agus inscne i ndámhachtainí aonair le haghaidh 2022, inar léiríodh go bhfuil mná, daoine Éireannacha geala, agus ealaíontóirí i mBaile Átha Cliath faoi ró-ionadaíocht go díréireach; bíonn gannionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas; agus bíonn Lucht Siúil na hÉireann nó Fir Ghorma/Éireannach Gorm ar na daoine a bhíonn catagóirithe mar neamh-

Patricia Forde with young students at Laureate na nÓg launch.
Photographer: Kenneth O'Halloran of Julien Behal Photography.
Patricia Forde máille le scoláirí óga ag seoladh Laureate na nÓg.
Grianghrafadóir: Kenneth O'Halloran of Julien Behal Photography.



Culture Night Launch 2023.
Photographer: Julien Behal.
Seoladh Oíche Chultúir 2023.
Grianghrafadóir: Julien Behal.



incháilithe den chuid is mó. Chuir an tuarascáil sonraí ríthábhachtacha ar fáil maidir leis na dúshláin a bhíonn roimh ealaíontóirí in Éirinn inniu, agus feidhmíonn sí mar threoir don Chomhairle chun gníomhartha ar leith a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní seo go díreach.

Fuair 597 ealaíontóir dea-scéala i mí Dheireadh Fómhair nuair a d'fhógair Dámhachtainí Lúfaireachta na Comhairle go mbronnfaí maoiniú os cionn €2.8m. Labhair dámhachtaithe ar fud na gceithre chúige ar an gcaoi a gcuirfeadh an dámhachtain ar a gcumas uailmhianta fadtéarmacha a chur i gcrích, ar an gcaoi a dtacódh sí leo agus ar an gcaoi ar dearbhaíodh leis an dámhachtain go raibh paisean acu dá gcuid oibre.

Fógraíodh maoiniú dar luach €134m mar chuid de Bhuiséad 2024, rud eile a léirigh a thábhachtaí atá ról na Comhairle mar thacadóir, agus mar chosantóir na n-ealaíontóirí sa tír seo. Tháinig méadú ar mhaoiniú na bliana roimhe sin, rud a chuireann ar chumas na Comhairle Ealaíon agus í ag obair go dlúth leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus leis an Aire Catherine Martin, tacaíocht fhiúntach a chur ar fáil i gcónaí le haghaidh barr feabhais leanúnach sna healaíona ar fud na tíre le linn na bliana atá le teacht. Is í an Chomhairle Ealaíon í féin a thugann tús áite dá costais reatha a choinneáil laistigh den bhuiséad agus a choinneáil go hiomlán trédhearcach.

Cé go raibh go leor iomadú díograiseach ealaíne ar siúl ar fud ardáin dhigiteacha agus shóisialta de bharr riachtanais le linn na dianghlasála, inniu is conaire dáiríre atá ann le haghaidh léiriú agus rannpháirtíocht ealaíonta. Chun todhchaí an éiceachórais seo a chinntiú, sheol an Chomhairle a Beartas Ealaíon Digiteach i mí na Samhna, inar leagadh amach conaire chun an t-eolas, na scileanna agus an maoiniú a theastaíonn chun tacú leis an ngníomhaíocht seo atá ag teacht chun cinn agus lena chinntiú go mbeidh ealaíontóirí agus an lucht féachana in ann a bheith rannpháirteach in ealaín dhigiteach ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta.

Ó thaobh na meán traidisiúnta de, bhí ríméad ar an gComhairle Ealaíon i mí na Samhna comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le Paul Lynch, buaiteoir Dhuais Booker 2023 as a úrscéal Prophet Song. Tháinig tuilleadh mórtais ó thacaíocht na Comhairle dá scríbhneoireacht trí roinnt sparánachtaí agus Scríbhneoir Cónaithe Mhaigh Nuad i mbliana. Ó tharla gurb é Paul Lynch an séú húdar chun an duais mhór le rá seo a bhuaigh, tá Paul Lynch ar dhuine de na húdair Éireannacha a bhfuil an-mheas orthu a bhuaigh an Booker, lena n áirítear Iris Murdoch, Roddy Doyle, John Banville, Anne Enright and Anna Burns.

Agus mé á scríobh seo i mí Meithimh 2024, tá mé díreach tar éis ról Chathaoirleach na Comhairle Ealaíon a ghlacadh. Tá an buiséad is mó riamh de chuid na Comhairle Ealaíon dar luach €134m don bhliain seo ag cumasú infheistíocht fhiúntach sna healaíona ar fud na hÉireann i gcónaí. Chuir sé tacaíochtaí riachtanacha ar fáil d'ealaíontóirí aonair agus leanann sé ar aghaidh chun bonneagar na n-ealaíon níos leithne a fhorbairt ar mhaithe le tairbhí fadtréimhseacha ár n-ealaíontóirí Éireannacha tréitheacha agus a lucht féachana dhílis.

Cuireadh na gaiscí a leagadh amach chun cinn a bhí le treoraíocht an Iarchathaoirligh Ollamh Kevin Rafter, a chuaigh ar aghaidh chun deis Fulbright a thapú i mBostún. Táimid sa Chomhairle Ealaíon thar a bheith buíoch de agus guímid gach rath air. Táimse thar a bheith buíoch freisin de Leas-Chathaoirleach Philomena Poole a chuir ceannaireacht chinnte agus sheasta ar fáil le sé mhí anuas. Faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-chomhaltáí boird ar fad (a bhí, agus atá mar chuid den bhord i gcónaí), chomh maith le buíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir agus Feidhmeannach na Comhairle Ealaíon as a dtiomantas agus as a ndíograis as cuimse do na hEalaíona in Éirinn.

Maura J. McGrath, RLQ

Maura McGrath
Cathaoirleach
19 Meitheamh 2024







Ráiteas ón Stiúrthóir Maureen Kennelly

I measc ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne i rith 2023, ba chosúil go raibh fonn díograis agus ceiliúrtha sa bhreis le brath thart ar an iliomad imeachtaí, taispeántas, taibhíthe agus féilte a bhí ar siúl i ngach contae i rith na bliana. B'fhéidir gurbh é rian scáil dheiridh an dianghlasála, agus é ag scaipeadh i solas na ré nua, a thug saoirse nua-aimsithe leis chun ealaín a léiriú, a chruthú agus a ghlacadh chugat féin in aon áit arbh fhéidir í a aimsiú.

Agus í ag díriú isteach ar an mothú sin d'fhéidearthacht ealaíne, ba í chéad imeacht na Comhairle Ealaíon i 2023 ná an Fóram um Gheilleagar Oíche; tionól de shaineolaithe idirnáisiúnta le cleachtóirí ealaíon náisiúnta agus áitiúla, d'fhonn níos mó a fhoghlaim faoi fhorbairt gheilleagair oíche spleodraí, éagsúla agus inbhuanaithe anseo in Éirinn. Chomhroinn cainteoirí ó réimsí na comhfhobartha áite agus na forbartha ceann scríbe a saineolas agus a dtaithí maidir leis na bealaigh ar athdhearadh spásanna cultúrtha agus an réimse poiblí i gcathracha Eorpacha eile d'fhonn borradh a chur faoina ngeilleagair phoiblí. Pléadh dearcthaí Éireannacha i dtaobh acmhainneacht ionad poiblí agus spásanna cultúrtha a aimsiú ag seisiúin phainéil le ceannasaithe ó Fhéile Imeachtach Bhaile Átha Cliath, Músaem Scríbhneoirí Chiarraí agus Amharclann agus Ionad Ealaíon Bhorra.

Faoi Samhain 2023, bhí torthaí ar shíolta an Fhórais um Gheilleagar Oíche cheana mar a léiríodh leis na dámhachtainí maoinithe bronnta ar 14 Ionad Ealaíon a bheidh ag oscailt a ndoirse go mall san oíche sa bhliain amach romhainn, mar chuid de Scéim Phíolótach Imeachtaí Mall San Oíche na Comhairle Ealaíon. Leis na moltaí seo ó na hIonaid Ealaíon, tá súil go gcuirfear eispéiris chultúrtha mall san oíche iontacha ar

fáil i 2024 don lucht féachana agus d'ealaíontóirí araon. Ba é an méid a bronnadh ar na 14 Ionad Ealaíon ná €723,407 - lena n-áirítear maoiniú breise ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán - agus ba iad na hionaid a fuair maoiniú ná: Ionad Ealaíon Triskel, RUA RED, Complex Productions Teo, Ionad Cultúrtha Réigiúnach Dhún na nGall, The Dock, Ionad Ealaíon an Droichid, Backstage Theatre, Ionad Ealaíon na Gaillimhe, The Lime Tree/Belltable, The Model, Ionad Ealaíon na Tána, Everyman, Waterford Theatre Royal Society agus Ionad Ealaíon na Maighdine Mara.

Tháinig athrú i Márta chuig dhéimeagrafach a bhí níos oiriúnaí don lae le seoladh an dara Phlean Óige Ildánach 2023-2027 - tionscnamh ilghnéitheach thar na ranna: an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an Roinn Oideachais; An Roinn Leanaí, Comhionannais, Mí-Chumais, Lánpháirtíochta agus Óige; An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Lean an Chomhairle Ealaíon uirthi an tionscnamh Scoileanna Ildánacha a threorú, cuid dá tiomantas leanúnach maidir leis an ealaín agus leis an gcruthaitheacht a chur i gcroílár shaolta daoine óga in Éirinn.

Ó seoladh Scoileanna Ildánacha den chéad uair i 2018, cuimsítear i réamhthorthaí ó thaighde déanta ag OCBÁC tuarascálacha fonnmhara ó scoileanna rannpháirteacha, ag lua an tionchair dhearfaigh ar fhorbairt agus ar fholláine leanaí, le moladh don chur chuige leanbhíarnach. Níos déanaí sa bhliain, mhéadaigh an Chomhairle rochtain ar a plean trí chomhpháirtíocht a dhéanamh leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Mí-Chumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLO) chun scéim Ealaíona sa Luathfhoghlaim & Cúram (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) a pháilóttú.

Trajal Harrell, The-Köln-Concert.
Photographer: Reto Schmid.
Trajal Harrell, The-Köln-Concert.
Grianghrafadóir: Reto Schmid.



Leath rath Sheachtain na Scoileanna Ildánacha i mí na Bealtaine lena téama ‘Maireann Cruthaitheacht Anseo! / Tá Beocht na Cruthaitheachta Anseo!’, agus roimh dheireadh na bliana, bhí 141 scoil agus ionad nua ar fud na hÉireann cláraithe; léiriú ab ea é sin ar spéis mhór leanaí, daoine óga agus a múinteoirí as an deis a bheith rannpháirteach in ealaín a dhéanamh.

I mí na Bealtaine, d’fhéach an Chomhairle Ealaíon siar go Gaillimh ar Chomhdháil Lucht Déanta Féile a reáchtáladh i gcomhar le Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta in Ollscoil na Gaillimhe agus le Deasc na hEorpa Cruthaithí, Éire. Le linn na paindéime, b’éigean d’fhéilte Éireannacha oiriúnú go tapa agus le samhlaíocht lena chinntiú gurbh fhéidir lena lucht féachana taitneamh a bhaint fós as a saothair áirithe. Ar an dea-uair, reáchtáladh comhdháil fhéilte dhá lá na bliana seo go hiomlán i bpearsa, le 250 lucht déanta féile agus ealaíontóirí ag comhroinnt smaointe agus ag plé dea-chleachtas na bhféilte. Tar éis eochairaithe léirsteanaigh le Kim Cook ón Burning Man Festival (Nevada, na Stáit Aontaithe), bhí seisiúin phainéil agus ceardlanna faoi ábhair a bhí bainteach le féilte lena n áirítear; Lucht Féachana Féilte agus an tEispéireas Digiteach, Ag Dul i dTreo Todhchaí Inbhuanaithe d’Fhéilte, Ag Forbairt Coinníollacha d’Oibríthe Féilte atá níos sábháilte, measúil agus ionchuimsitheach, Ag Luacháil agus Ag Forbairt Obair Dheonach agus Cláreagrú do Leanáí i bhFéilte.

Is ceann de bhunchloch obair leanúnach na Comhairle é ár ndúthracht maidir le rochtain ar na healaíona a sholáthar, is cuma cén áit a chónaíonn daoine in Éirinn. Tá clár na Comhairle Áiteanna Cruthaitheacha ríthábhachtach maidir leis seo, ag cur ar chumas ealaíontóirí oibriú ina bpobail féin agus comhoibriú le gnólachtaí áitiúla, le grúpaí pobail agus le comhpháirtithe cruthaitheacha eile. Dá bhrí sin, bhí sé thar a bheith sásúil a bheith in ann €1.7m a infheistiú i 7 nÁit Chruthaitheacha nua an bhliain seo. Bronnadh an maoiniú ar: Inis Córthaidh, Contae Loch Garman; Baile Brigín, Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh; MacUílliam, Tamhlacht; agus Uíbh Ráthaigh, Ciarraí - cláir trí bliana do

gach ceann. Chomh maith leis sin, bronnadh dámhachtainí taighde ar Mheathas Troim, Contae Longfort; Béal Átha Conaill, Contae an Chabháin; agus Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin chun forbairt a dhéanamh ar a nÁiteanna Cruthaitheacha. Fágann sé sin go bhfuair 17 nÁit Chruthaitheach maoiniú faoin tionscnamh seo ó bhí 2020 ann. Is mór an teist é rath an chláir go dtí seo ar thiomantas ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, údaráis áitiúla, eagraíochtaí forbartha pobail, agus pobail áitiúla na mbailte seo.

Bhí sé tráthúil tar éis Áiteanna Cruthaitheacha agus a bhéim ar rochtain náisiúnta ar ghníomhaíocht ealaíne agus cultúrtha a leathnú, gur lean eisiúint Plean Trí Bliana, 2023–2025 na Comhairle Ealaíon; “Tuilleadh Daoine, tuilleadh áiteanna, tuilleadh spásanna”. Ag leagan amach uaimhian athnuaithe na heagraíochta i dtaca leis an dara leath de 2023 agus ar aghaidh go 2025, gealltar sa phlean go dtacófaí agus go dtabharfaí maoiniú do níos mó daoine ná riamh, go mbeadh níos mó daoine ná riamh rannpháirteach sna healaíona agus go mbeadh níos mó áiteanna ar fáil d’fhonn na healaíona a bhlaiseadh. Leis an bplean nua ceadaítear don eagraíocht leanúint ar aghaidh ag soláthar a bpríomhbheartais eile lena n áirítear ‘Luach Saothair don Ealaíontóir’, agus ‘Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht’.

Ar Aoine, 22 Meán Fómhair, reáchtáladh Oíche Chultúir den ochtú huair déag, ag aontú na gcéadta míle daoine, agus iad ag baint suilt as na gníomhaíochtaí, imeachtaí, taibhithe agus taispeántais cultúrtha saor in aisce. Go tábhachtach, cinntíodh le beartas ‘Luach Saothair don Ealaíontóir’ na Comhairle Ealaíon gur tugadh tacaíocht do na healaíontóirí iad féin as an tsamhlaíocht agus as an dtiomantas ar thug siad leo chuig an gceiliúradh náisiúnta tábhachtach seo. Agus fad is a tháinig anam go sráideanna ár gcathracha agus ár mbailte a bhui leis na healaíona, tháinig an tionscadal Read Mór ar ais don dara bliain, i gcomhpháirt le FSS agus le Éire Shláintiúil an uair seo. Fuair na céadta othar in ospidéal a bhí roghnaithe ar fud na tíre rogha leabhar iontach le húdair atá lonnaithe in Éirinn, lena n áirítear Molly Twomey, Majed Mujed, Tristan Rosenstock, Nuala Ní Dhomhnaill agus Emma Donoghue.

Agus 2023 ag teacht chun deiridh, rinne Siompóisiam d'Ealaíontóirí na Chéad Ghlúine Eile comóradh ar an naoú bliain agus ar an mbliain dheireanach de Scéim Dhámhachtain d'Ealaíontóirí na Chéad Ghlúine Eile a raibh an-rath go deo air i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Chuir an cineál seo de thacaíocht dhíreach d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn thar na disciplíní ar fad, ag staid luath agus ríthábhachtach ina ngairmeacha, ar chumas cuid d'ár n-ealaíontóirí óga is spreagúla bonn a bhí doshamhlaithe roimhe sin a dhéanamh ina bhfoirm ealaíne roghnaithe. Spreagfaidh a saothair, dá réir sin, na glúnta ealaíontóirí atá le teacht a fhad le leibhéil chomhchosúla barr feabhais agus uailmhéine.

I Samhain 2023, bronnadh an Duais Booker ar an scríbhneoir Éireannach Paul Lynch as ucht a úrscéil chumhachtaigh 'Prophet Song'. Nuair a

cuireadh ceist air maidir le cén fáth a thagann an iliomad scríbhneoirí maithe as Éirinn, labhair sé faoi thionchar scríbhneoirí Éireannacha móra ón am atá thart; 'Ní scríobhann scríbhneoirí amhail Beckett nó Joyce saothair mhóra litríochta amháin, scaipeann siad sa chultúr brí as cuimse agus táimid fós ag baint leasa as sin, cé acu a thuigimid nó nach dtuigimid an méid sin.' Leanfaidh an Chomhairle Ealaíon uirthi leas a bhaint as brí ár n-ealaíontóirí an-chumasacha agus an-cruthaitheacha thar na foirmeacha ealaíne go léir, ag tacú leo chun ealaín iontach a tháirgeadh a dhealaíonn Éire amach.

Maureen Kennelly

Maureen Kennelly
Stiúrthóir
19 Meitheamh 2024

ROMANTIC IRELAND, Eimear Walshe.
Photographer: Faolán Carey.
ROMANTIC IRELAND, Eimear Walshe.
Grianghrafadóir: Faolán Carey.





**Will Flanagan as The Collector in
The Presence of Absence.**

Photographer: Marcin Lewandowski.

Will Flanagan mar an Bailitheoir in
The Presence of Absence.

Grianghrafadóir: Marcin Lewandowski.

Ár Luachanna

Mar chomhlacht poiblí reachtúil, feidhmíonn an Chomhairle Ealaíon laistigh de chreat dualgais dlí agus rialaithe agus réimse cód um dhea-chleachtas. Mar aon leis sin, táimid treoraithe ag sraith luachanna lena n-áirítear:

- **Saoirse smaointeoireachta agus léirithe** rud atá ríthábhachtach chun smaointe agus saothar nua a fhorbairt
- **Tiomantas do shármhaitheas** i ngach gné dár gcuid oibre féin agus de shaothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus daoine eile lena dtacaímid
- **Sláine, cuntasacht, trédhearcacht** inár gcinnteoireacht ar fad agus go háirithe san infheistíocht a dhéanaimid ar airgead poiblí
- **Meas ar éagsúlacht i gcleachtas ealaíne** i rannpháirtíocht an phobail, agus i dtraidisiúin shóisialta agus chultúrtha
- **Comhghleacaíocht** cumarsáid a dhéanamh agus oibriú go measúil le comhpháirtithe, páirtithe leasmhara agus leis an earnáil ealaíon i gcoitinne

Ár bhFís

Faighimid inspioráid nuair a smaoinimid ar Éirinn

- ina léirítear luach ar na healaíona mar ghné lárnach den saol cathartha, agus mar shainmharc d'aitheantas áitiúil agus náisiúnta agus mar chomhartha agus mar shíniú dár gcruthaitheacht mar dhaoine
- ina gcleachtar agus ina mbaintear taitneamh as na healaíona go forleathan inár bpobail, i spásanna poiblí (fíor agus réadúil) agus in ionaid speisialta ar fud na tíre
- inar féidir le healaíontóirí agus le cleachtóirí atá ag obair go gairmiúil sna healaíona mar gheall ar an mbua agus tiomantas iontach atá acu gairmeacha táirgiúla agus tairbheacha a bheith acu
- ina n-aithníonn polaiteoirí, cinnteoirí agus oifigigh áitiúla agus náisiúnta i réimse leathan ranna agus gníomhaireachtaí luach sochaíoch sainiúil na n-ealaíon agus ina ndéanann siad soláthar dóibh dá réir sin
- ina dtugtar dóthain acmhainní don Chomhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht forbartha náisiúnta i gcomhair na n-ealaíon le dul i ngleic i gceart le leithead iomlán a sainchúraim

Ár Misean

Is é ár misean forbairt na n-ealaíon a threorú in Éirinn. Déanaimid é sin ar cheithre bhealach:

- Tacaímid le tábhacht agus luach na n-ealaíon agus cuirimid a gcleachtadh agus a bhforbairt chun cinn
- Cuirimid comhairle ar an rialtas agus ar dhreamanna eile maidir leis na healaíona de réir mar is gá san Acht Ealaíon
- Infheistimid airgead poiblí a leithdháileann an rialtas orainn le tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun saothar sármhaith a chruthú agus i ngníomhartha eile a thagann lenár sainchúram
- Oibrímid i gcomhpháirt leis An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus le ranna rialtais eile mar aon le rialtas áitiúil agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí laistigh den earnáil chultúrtha agus taobh amuigh di

Bail na Comhairle



Maura McGrath



Teresa Buczkowska



Andrew Clancy



Róise Goan



Aoife Granville



Brian Lavery



Philomena Poole



Jillian van Turnhout



Melatu Uchenna Okorie



Brian Ó Gáibhín



Gary Granville



Gaby Smyth



Richard Yarr

Venous Returns, Kate Finegan.
Photographer: Laura Sheeran.
Venous Returns, Kate Finegan.
Grianghrafadóir: Laura Sheeran.



Dancers near the Cliffs of Moher, Irish Aerial Creation Centre.
Photographer: Gary de Búit.
Rinceoirí in aice le hAillte an Mhothair, Irish Aerial Creation Centre.
Grianghrafadóir: Gary de Búit.







Financial Statements

for the year ended
31 December 2023

Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch
31 Nollaig 2023

Index / Innéacs	7
Governance Statement and Council Members' Report / Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle	44–51
Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas / Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais	52–56
Statement on Internal Control / Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	57–61
Statement of income and expenditure / Ráiteas ar ioncam agus caiteachas	62
Statement of comprehensive income / Ráiteas ar ioncam cuimsitheach	63
Statement of changes in reserves and capital account / Ráiteas ar athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipitil	64
Statement of financial position / Ráiteas ar staid an airgeadais	65
Statement of cash flows / Ráiteas maidir le sreafaí airgid	66
Notes 1: (a)–(t) Statement of accounting policies / Nótaí 1: (a)–(t) Ráiteas na mbeartas cuntasáiochta	67–73
Note 2: Critical accounting judgements and estimates / Nóta 2: Breithiúnais agus meastacháin chuntasáiochta rithábhachtacha	74–75
Note 3: Income / Nóta 3: Ioncam	76–77
Note 4: Staff remuneration / Nóta 4: Luach saothair foirne	78–79
Note 5: Grants / Nóta 5: Deontais	80
Note 6: Other administration costs / Nóta 6: Costais riaracháin eile	81
Note 7: Property, plant and equipment / Nóta 7: Maoin, gléasra agus trealamh	82–83
Note 8: Receivables & prepayments / Nóta 8: Infháltais & réamhíocaíochtaí	84
Note 9: Payables (amounts falling due within one year) / Nóta 9: Suimeanna iníochta (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	84
Note 10: Reserves / Nóta 10: Cúlchistí	85
Note 11: Grant commitments / Nóta 11: Tiomantais deontais	86
Note 12: Commitments under operating leases / Nóta 12: Tiomantais faoi léasanna feidhmithe	87
Note 13: Provision for liabilities / Nóta 13: Soláthar i gcomhair dliteanas	87
Note 14: Declarations of Members' interests / Nóta 14: Dearbhú leasanna na gComhaltaí	88
Note 15: Staff retirement benefit scheme / Nóta 15: Scéim sochar scoir na foirne	89–94
Note 16: Deferred retirement benefit asset / Nóta 16: Sócmhainn sochar scoir iarchurtha	94
Note 17: Trust funds / Nóta 17: Cistí iontaobhais	95
Note 18: Approval of financial statements / Nóta 18: Faomhadh na ráiteas airgeadais	95

Governance

The Arts Council is a body corporate whose continuance is governed by the Arts Act 2003. The key functions of the Arts Council are set out in section 9 of this Act. The Arts Council is accountable to the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and is responsible for ensuring good governance, in the Arts Council, and performs this task by setting strategic objectives and targets and taking strategic decisions on all key business issues. The regular day-to-day management, control and direction of the Arts Council is the responsibility of the Director and the senior management team. The Director and the senior management team must follow the strategic direction set by the Council, and must ensure that all Council members have a clear understanding of the key activities and decisions related to the Arts Council, and of any significant risks likely to arise. The Director acts as a direct liaison between the Council members and management of the Arts Council.

Council Responsibilities

The work and responsibilities of the Council are set out in the Code of Governance Framework, which also contain the matters specifically reserved for Council decision. Standing items considered by the Council include:

- declaration of interests,
- reports from committees,
- financial reports/management accounts,
- performance reports, and
- reserved matters.

The Arts Act, 2003, requires the Arts Council to keep accounts in such form as the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media may, with the consent of the Minister for Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform, from time to time direct.

In preparing these financial statements, the Arts Council is required to:

- select suitable accounting policies and apply them consistently,
- make judgments and estimates that are reasonable and prudent,
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Arts Council will continue in operation,
- state whether applicable accounting standards have been followed, subject to any material departures disclosed and explained in the financial statements.

Rialachas

Is comhlacht corparáideach í an Chomhairle Ealaíon á rialú ag Acht Ealaíon 2003. Tá príomhfheidhmeanna na Comhairle Ealaíon leagtha amach in alt 9 den Acht sin. Tá an Chomhairle Ealaíon freagrach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú, sa Chomhairle Ealaíon, agus cuireann sí an cúram sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is é an Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistiú ó lá go lá, agus as smacht agus treo na Comhairle Ealaíon. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí aird a thabhairt ar an treo straitéiseach atá leagtha síos ag an gComhairle Ealaíon, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag comhaltaí na Comhairle maidir le príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an gComhairle Ealaíon, agus maidir le haon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir comhaltaí na Comhairle agus bainistíocht na Comhairle Ealaíon.

Freagrachtaí na Comhairle

Tá obair agus cúraimí na Comhairle leagtha síos sa Chreatchód Rialachais, ina bhfuil nithe atá coimeáda go sonrach freisin le cinneadh ag an gComhairle. Áirítear i measc nithe buana ar a ndéanann an Chomhairle machnamh:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe coimeáda.

Éilíonn an tAcht Ealaíon, 2003, ar an gComhairle Ealaíon cuntais a choimeád ar cibé slí arna hordú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó am go ham.

Ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, iarrtar ar an gComhairle Ealaíon:

- beartais oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbeidh sé cuí glacadh leis go leanfaí le feidhmiú na Comhairle Ealaíon,
- dearbhú más amhlaidh gur cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta faoi réir aon athruithe athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

The Council is responsible for keeping adequate accounting records which disclose, with reasonable accuracy at any time, its financial position and which enable it to ensure that the financial statements comply with Section 25 of the Arts Act 2003 establishing the Arts Council. The maintenance and integrity of the corporate and financial information on the Arts Council's website is the responsibility of the Council.

The Arts Council is responsible for approving an annual budget. The Council approved the 2023 budget and regularly reviewed it throughout the year.

The Council considers that the financial statements of the Arts Council give a true and fair view of the financial performance and the financial position of the Arts Council at 31 December 2023.

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuí a choimeád a nochtann go réasúnta cruinn ag aon am a staid airgeadais agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 25 d'Acht Ealaíon 2003 lena mbunaítear an Chomhairle Ealaíon. Is faoin gComhairle an fhaisnéis chorparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon a chothabháil agus a shlánú.

Tá an Chomhairle Ealaíon freagrach as an buiséad bliantúil a cheadú. D'fhaomh an Chomhairle an buiséad don bhliain 2022 agus rinne sí athbhreithnithe rialta air i rith na bliana.

Measann an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle Ealaíon léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Comhairle Ealaíon ar an 31 Nollaig 2023.

Council Structure

The Arts Council consists of a Chair, and twelve ordinary members, all of whom are appointed by the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. The Council members are appointed for a period of five years. The table below details the appointment period for current members:

Struchtúr na Comhairle

Tá Cathaoirleach ar an gComhairle Ealaíon, agus dáréag gnáth-chomhaltaí a cheapann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ceaptar comhaltaí na Comhairle ar feadh tréimhse cúig bliana. Tá an tréimhse ceapacháin le haghaidh comhaltaí reatha tugtha sa tábla thíos:

Council Member / Ball na Comhairle	Role / Ról	Date Appointed / Dáta ar Ceapadh É/Í
Kevin Rafter *	Chair / Cathaoirleach	13-06-19
Maura McGrath ***	Chair / Cathaoirleach	12-06-24
Fearghus Ó Conchúir *	Ordinary Member / Gnáthbhall	03-12-21
Teresa Buczkowska	Ordinary Member / Gnáthbhall	26-11-19
Andrew Clancy	Ordinary Member / Gnáthbhall	28-02-22
Linda Coogan Byrne **	Ordinary Member / Gnáthbhall	28-02-22
Dónall Curtin *	Ordinary Member / Gnáthbhall	05-12-18
Róise Goan **	Ordinary Member / Gnáthbhall	28-02-22
Aoife Granville	Ordinary Member / Gnáthbhall	28-02-22
Brian Lavery	Ordinary Member / Gnáthbhall	28-02-22
Mark O'Kelly **	Ordinary Member / Gnáthbhall	29-01-19
Philomena Poole	Ordinary Member / Gnáthbhall	28-02-22
Jillian van Turnhout	Ordinary Member / Gnáthbhall	03-10-19
Melatu Uchenna Okorie	Ordinary Member / Gnáthbhall	03-10-19
Brian Ó Gáibhín ***	Ordinary Member / Gnáthbhall	15-05-24
Gary Granville ***	Ordinary Member / Gnáthbhall	15-05-24
Gaby Smyth ***	Ordinary Member / Gnáthbhall	15-05-24
Róise Goan ***	Ordinary Member / Gnáthbhall	15-05-24
Richard Yarr ***	Ordinary Member / Gnáthbhall	15-05-24

* Kevin Rafter (Chair) retired on the 15 December 2023. Fearghus Ó Conchúir retired on the 10 May, 2023. Dónall Curtin, term ended on 04 December 2023

**Linda Coogan Byrne retired on the 2 February 2024. Roise Goan, term ended 28 January 2024. Mark O'Kelly, term ended 28 January 2024

***Maura McGrath (Chair) appointed on the 12 June 2024. Brian Ó Gáibhín, Gary Granville, Gaby Smyth and Richard Yarr appointed on the 15 May 2024. Róise Goan re-appointed on the 15 May 2024.

* Chuaigh Kevin Rafter (Cathaoirleach) ar scor an 15 Nollaig 2023. Chuaigh Fearghus Ó Conchúir ar scor an 10 Bealtaine 2023. Tháinig deireadh le téarma Dhónaill Curtin an 4 Nollaig 2023.

**Chuaigh Linda Coogan Byrne ar scor an 2 Feabhra 2024. Tháinig deireadh le téarma Róise Goan an 28 Eanáir, 2024. Tháinig deireadh le téarma Mark O'Kelly an 28 Eanáir 2024.

***Ceapadh Maura McGrath (Cathaoirleach) an 12 Meitheamh 2024. Ceapadh Brian Ó Gáibhín, Gary Granville, Gaby Smyth agus Richard Yarr an 15 Bealtaine 2024. Athcheapadh Róise Goan an 15 Bealtaine 2024.

The Council has established three committees, as follows:

1. Audit and Risk Committee - The principal role of the committee is to review the financial statements of the Council and make appropriate recommendations, to set the internal audit programme, to meet with both internal and external auditors and to monitor and review business risk. Normally comprises of three Arts Council members, one of whom is the Chair and three independent members. Currently the members are: Niamh Muldoon Interim Committee Chair, Caroline McGroary, Melatu Uchenna Okorie, Paul Barry and Philomena Poole. There were five meetings of the Audit and Risk Committee in 2023.
2. Business and Finance Committee - The primary role of this committee is to oversee and monitor the financial operations of the Council. Currently, the members of this committee are: Philomena Poole, Committee Chair, Aoife Granville, Brian Lavery and Jillian van Turnhout. There were six meetings of the Business and Finance Committee in 2023.
3. Policy and Strategy Committee - The primary role of this committee is to develop and monitor the implementation of policies, identify strategic priorities and review research and other policy initiatives. Currently, the members of this committee are: Jillian van Turnhout, Committee Chair, Andrew Clancy and Teresa Buczkowska. There were five meetings of the Policy and Strategy Committee in 2023.

Key Personnel Changes

Kevin Rafter (Chair) retired on 15 December and Fearghus Ó Conchúir retired on 10 May 2023. Dónall Curtin's term ended on 4 December 2023. Linda Coogan Byrne retired on 2 February 2024. Roise Goan, term ended 28 January 2024. Mark O'Kelly, term ended 28 January 2024. Maura McGrath (Chair) appointed on 12 June 2024. Róise Goan, re-appointed on 15 May 2024. Brian Ó Gáibhín, Gary Granville, Gaby Smyth and Richard Yarr appointed on 15 May 2024.

Council Evaluation

The Council undertook an external review of its performance for 2023 and the results were presented to the December 2023 Council Meeting.

Tá trí choiste bhunaithe ag an gComhairle, mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca — Is é príomhról an choiste athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle agus moltaí iomchuí a dhéanamh, an clár iniúchta inmheánaigh a leagan síos, bualadh le hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha araon agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an riosca gnó. Is iondúil go mbíonn triúr comhaltaí de chuid na Comhairle Ealaíon ar an gcoiste, an Cathaoirleach ar dhuine acu sin, agus triúr comhaltaí neamhspleácha. Faoi láthair is iad na comhaltaí: Niamh Muldoon, Cathaoirleach Eatramhach an Choiste, Caroline McGroary, Melatu Uchenna Okorie, Paul Barry agus Philomena Poole. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2023.
2. An Coiste Gnó agus Airgeadais — Is é príomhról an choiste seo maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí airgeadais na Comhairle. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an choiste: Philomena Poole, Cathaoirleach an Choiste, Aoife Granville, Brian Lavery agus Jillian van Turnhout. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Gnó agus Airgeadais in 2023.
3. An Coiste Beartais agus Straitéise — Is é príomhról an choiste seo forbairt agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeartas, tosaíochtaí straitéiseacha a shainithint agus taighde agus tionscnaimh bheartais eile a athbhreithniú. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an choiste: Jillian van Turnhout, Cathaoirleach an Choiste, Andrew Clancy agus Teresa Buczkowska. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Beartais agus Straitéise in 2023.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Chuaigh Kevin Rafter (Cathaoirleach) ar scor an 15 Nollaig agus chuaigh Fearghus Ó Conchúir ar scor an 10 Bealtaine 2023. Tháinig deireadh le téarma Dhónaill Curtin an 4 Nollaig 2023. Chuaigh Linda Coogan Byrne ar scor an 2 Feabhra 2024. Tháinig deireadh le téarma Róise Goan an 28 Eanáir 2024. Tháinig deireadh le téarma Mark O'Kelly an 28 Eanáir 2024. Ceapadh Maura McGrath (Cathaoirleach) an 12 Meitheamh 2024. Athcheapadh Róise Goan an 15 Bealtaine 2024. Ceapadh Brian Ó Gáibhín, Gary Granville, Gaby Smyth agus Richard Yarr an 15 Bealtaine 2024.

Measúnú na Comhairle

Rinne an Chomhairle athbhreithniú seachtrach ar a cuid feidhmíochta i gcomhair 2023 agus cuireadh na torthaí faoi bhráid Chruinniú na Comhairle i mí na Nollag 2023.

Schedule of Attendance, Fees and Expenses

A schedule of attendance at the Plenary and Committee meetings for 2023 is set out below including the fees and expenses received by each member.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal tinrimh na gcrúinnithe lomlánacha agus Coiste i gcomhair 2023, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

	Plenary Meeting / Cruinniú lomlánach	Audit & Risk Committee / An Coiste Iniúcháineachta & Riosca	Business & Finance Committee / An Coiste Gnó & Airgeadas	Policy & Strategy Committee / An Coiste Beartais & Straitéise	Fees / Táillí 2023	Expenses / Costais 2023
					€	€
Number of Meetings / Líon na gCruinnithe	12	5	6	5		
<i>Council Members / Comhaltaí na Comhairle</i>						
Kevin Rafter (Chair)	12				-	2,784
Fearghus Ó Conchúir	3*			3*	2,132	441
Andrew Clancy	9		1***	2	5,985	1,221
Aoife Granville	12		3		-	1,246
Brian Lavery	10		4	1***	5,985	4,972
Dónall Curtin	11	5	4**		5,985	7,129
Jillian van Turnhout	12		4	5	5,985	-
Linda Coogan Byrne	8			1	5,985	574
Mark O'Kelly	9			3	-	-
Melatu Uchenna Okorie	9	2			5,985	620
Philomena Poole	11	3	6		5,985	-
Róise Goan	11		1***	4	5,985	2,827
Teresa Buczkowska	11			3	5,985	500
<i>External ARC Members / Comhaltaí Seachtracha an Choiste</i>						
Niamh Muldoon		4			2,000	-
Paul Barry		5			2,000	-
					59,997	22,314

Meeting attendance applies to Members only

* Member retired during 2023, therefore, only eligible to attend 3 out of 12 Plenary meetings.

** Members term ended during 2023, therefore, only eligible to attend 5 out of 6 Business and Finance meetings.

*** Members co-opted on to committees to ensure quorum is in place.

There were three Council members, Kevin Rafter (Chair Annual Fee €8,978), Mark O'Kelly (Annual Fee €5,985) and Aoife Granville (Annual Fee €5,985), who did not receive a Council fee under the One Person One Salary (OPOS) principle.

Baineann tinreamh an chruinnithe leis na Comhaltaí amháin.

* Chuaigh an comhalta ar scor le linn 2023 agus, dá bhrí sin, ní raibh sé/sí incháilithe ach chun freastal ar 3 cinn de na 12 chruinniú lomlánacha.

* Tháinig deireadh le téarma an chomhalta le linn 2023 agus, dá bhrí sin, ní raibh sé/sí incháilithe ach chun freastal ar 5 cinn de na 6 chruinniú Gnó agus Airgeadais.

** Comhaltaí comhthoifa ar choistí chun a chinntiú go bhfuil an córam i bhfeidhm.

Bhí tríúr comhaltaí den chomhairle — Kevin Rafter (an Cathaoirleach, Táille Bhliantúil €8,978) agus Mark O'Kelly (Táille Bhliantúil €5,985), agus Aoife Granville (Táille Bhliantúil €5,985) — nach bhfuair táille Chomhairle faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

Disclosures Required by Code of Practice for the Governance of State Bodies

The Council is responsible for ensuring that the Arts Council has complied with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies ("the Code"), as published by the Department of Public Expenditure and Reform in August 2016. The following disclosures are required by the Code:-

Key Risks

The Arts Council's key risks are delivery of the Business Transformation Programme, cybersecurity and resource availability. The Arts Council's risk and control framework is detailed in the Statement of Internal Control.

Employee Short-Term Benefits Breakdown

Number of employees whose benefits (excluding retirement benefits) are €60,000 or greater

	2023	2022
€60,000 - €69,999	27	16
€70,000 - €79,999	4	-
€80,000 - €89,999	1	2
€90,000 - €99,999	3	2
€100,000 - €109,999	1	1
€110,000 - €119,999	-	-
€120,000 - €129,999	1	1

Note: For the purposes of this disclosure, short-term employee benefits in relation to services rendered during the reporting period include salary but exclude employer's PRSI.

Nochtadh a Iarrtar leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Chomhairle Ealaíon ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Iarrtar an nochtadh seo a leanas sa Chód:-

Príomhríoscaí

Is iad príomhríoscaí na Comhairle Ealaíon an Clár um Chlaochlú Gnó a sholáthar, cibearshlándáil agus fáil ar acmhainní. Leagtar amach creat um riosca agus rialú na Comhairle Ealaíon sa Ráiteas um Rialú Inmheánach.

Miondealú de Shochair Gearrthéarmacha Fostaithe

Líon na bhfostaithe ar fiú €60,000 nó níos mó a sochair (gan sochair scoir san áireamh)

Tabhair faoi deara: Chun críche an noichta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí arna soláthar i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ach ní chuirtear ÁSPC Fostóra san áireamh.

Consultancy Costs

Consultancy costs include the cost of external advice to management and exclude outsourced 'business-as-usual' functions.

Consultancy Costs / Costais Chomhairliúcháin	2023 €000's	2022 €000's
Legal Advice / Comhairle Díl	261	186
Procurement Advice / Comhairle maidir le Soláthar	122	86
Financial / Actuarial Advice / Comhairle Airgeadais / Achtúireach	196	154
RAISE – Private Investment Consultancy / RAISE – Sainchomhairleoireacht Infheistíochta Priobháidí Eile	199	294
Change Management / Bainistíocht Athruithe	-	222
Digital & Climate / Digiteach & Aeráid	53	231
Other / Eile	78	258
Total Consultancy Costs / Costais Iomlána na Comhairleoireachta	909	1,431
Consultancy Costs Capitalised / Costas Comhairleoireachta a caitheadh	167	1,276
Total / Iomlán	1,076	2,707

Legal Costs and Settlements

Expenditure of €31,500 (2022: Nil) in relation to third party legal settlement costs, is included in Legal Advice received by the Arts Council, which is disclosed in Consultancy Costs above. No other expenditure was incurred in the reporting period in relation to legal costs, settlements and conciliation and arbitration proceedings relating to contracts with third parties.

Travel and Subsistence Expenditure

Travel and subsistence expenditure is categorised as follows:

	2023 €000's	2022 €000's
Domestic / Intíre		
– Council / Comhairle	28	25
– Employees / Fostaithe	134	105
International / Idirnáisiúnta		
– Council / Comhairle	3	-
– Employees / Fostaithe	9	10
Total / Iomlán	174	140

Travel and subsistence expenditure includes €22,314 (2022: €17,658) of expenses paid directly to the members. An additional €6,869 (2022: €7,169) was incurred on their behalf in 2023. The total of €30,973 (2022: €24,827) is shown above. The Council incurs expenditure on attendance by Council members, staff and guests at appropriate events. This expenditure is not classified as hospitality.

Costais Chomhairleoireachta

Áirítear le costais chomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a thabhairt don bhainistíochta agus ní áirítear leis feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' leis.

Costais Díl agus Socruithe

Tá caiteachas €31,500 (2022: Nialas) maidir le costais socraithe díl tríú páirtí san áireamh sa Chomhairle Díl arna fáil ag an gComhairle Ealaíon, a nochtar sna Costais Chomhairleoireachta thuas. Níor tabháiódh aon chaiteachas eile sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais díl, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe.

Caiteachas ar Thaisteal agus Cothú

Tá an caiteachas ar Thaisteal agus Cothú curtha sna catagóirí seo a leanas:

Áirítear leis an gcaiteachas ar thaisteal agus cothú costais €22,314 (2022: €17,658) a íocadh go díreach le comhaltaí. Tabháiódh €6,869 (2022: €7,169) breise ar a son in 2023. Taispeántar an t-iomlán de €30,973 (2022: €24,827) thuas. Tabháionn an Chomhairle caiteachas ar fhreastal chomhaltaí, fhoireann agus aionna na Comhairle ag imeachtaí cuí. Ní rangáítear an caiteachas seo mar fháilteachas.

Hospitality Expenditure

The Income and Expenditure Account includes the following hospitality expenditure:

	2023 €000's	2022 €000's
Staff hospitality / Fáilteachas foirne	4	5
Client hospitality / Fáilteachas cliant	2	4
Total / Iomlán	6	9

Gender Balance, Diversity and Inclusion

Of the Members of Council, the Arts Act 2003 prescribes that not less than 6 of them shall be men and not less than 6 of them shall be women. The Arts Council meets the Government target of a minimum of 40% representation of each gender in the membership of State Boards.


The Arts Council has published its Equality, Diversity, and Inclusion Policy & Strategy. In so doing the Arts Council is committed to taking actions to actively deepen its understanding of inequalities in the arts and develop substantive ways to address them. There is recognition that the policy must be embedded by ensuring that Council, staff, advisers and panellists, best reflect and represent the diversity of contemporary Ireland. A condensed version of the Policy has been published in Irish and ten other languages.

Statement of Compliance

The Council has complied with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies, as published by the Department of Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform in August 2016 and its Annex published in 2020.

Parliamentary Questions

The Arts Council can confirm that we have in place procedures for dealing with parliamentary questions that are sent to the Arts Council from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.



Maura McGrath
Chair
19 June 2024

Caiteachas ar Fáilteachas

Cuirtear san áireamh an caiteachas seo a leanas ar fáilteachas sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Maidir le Comhaltaí na Comhairle, forordaítear leis an Acht Ealaíon, 2003 go mbeidh seisear acu ar a laghad ina bhfir agus go mbeidh seisear acu ar a laghad ina mná. Comhlíonann an Chomhairle Ealaíon sprioc an rialtais le hionadaíocht de 40% ar a laghad ar an dá inscne a bhaint amach ó thaobh chomhaltas na mBord Stáit.


Rinne an Chomhairle Ealaíon a Beartas agus Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a chur i gcló. Leis seo a dhéanamh, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta tabhairt faoi ghníomhartha chun a tuiscint ar an neamhionannas sna healaíona a neartú agus chun bealaí substainteacha a fhorbairt le dul i ngleic leo. Aithnítear go gcaithfidh an beartas a bheith fite fuaite trína chinntiú go léirítear éagsúlacht Éire na linne seo inár gComhairle, foireann, comhairleoirí agus painéalaithe. Tá leagan coimirithe den Bheartas ar fáil i nGaeilge agus i ndeich dteanga eile.

Ráiteas maidir le comhlíonadh

Tá ceanglais an Chóid Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 agus a Aguisín a foilsíodh in 2020, comhlíonta ag an gComhairle.

Ceisteanna Parlaiminteacha

Is féidir leis an gComhairle Ealaíon a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta againn le ceisteanna parlaiminteacha a láimhseáil a sheoltar chuig an gComhairle Ealaíon ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.



Maura McGrath
Cathaoirleach
19 Meitheamh 2024

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas / **Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais**

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of An Chomhairle Ealaíon (the Arts Council) for the year ending 31 December 2023 as required under the provisions of section 25 of the Arts Act 2003. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure
- the statement of comprehensive income
- the statement of changes in reserves and capital account
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Arts Council at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 – *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Arts Council and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide the basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Arts Council has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Council members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Termination of grant management system development

In May 2020, the Arts Council commenced a project to develop a new grants management system to integrate five existing business systems into one core system. The statement on internal control discloses that, due to concerns about delays in delivery of the system and increases in the expected cost, the Arts Council made

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Ealaíon don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 de réir fhorálacha alt 25 den Acht Ealaíon, 2003. Áirítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipítíl
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas firinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Comhairle Ealaíon amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2023, de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS), 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a Bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le Poblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISA) mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín a théann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an gComhairle Ealaíon agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá bailithe agam mar bhunús mo thuairime.

Tuairisc ar eolas eile nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha ar fáil ag an gComhairle Ealaíon chomh maith leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltá na Comhairle agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a théann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar a leithéid d'eolas agus ar cheisteanna áirithe eile a ndéanamh tuairisciú orthu mar eisceacht.

Deireadh le forbairt an chórais bainistíochta deontas

Chuir an Chomhairle Ealaíon tús le tionscadal i mí na Bealtaine 2020. Ba é aidhm an tionscadail forbairt a dhéanamh ar chóras úr bainistíochta deontas ina ndéanfaí príomhchóras amháin de chúig chóras gnó atá ann faoi láthair. Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach – de bharr go rabhthas inmíoch faoi mhoill ar sheachadadh an chórais

a decision in June 2024 to terminate the development project, and instead to purchase an off-the-shelf grants management system.


The original budget the Arts Council set for the project was €2.97 million, with an expected delivery date by the end of 2021. Work on development of the system had cost €6.5 million to June 2024. The Arts Council has deemed a portion of the system, to the value of €1.2 million, to be reusable in the implementation of an off-the-shelf system. The remaining cost of the discontinued project was recognised as expenditure as the project was ongoing, or was written off in note 7 to the financial statements as a disposal of computer assets under development.

The overall loss of value in respect of the project to June 2024 is estimated at €5.3 million.

agus faoi mhéaduithe ar an gcostas a rabhthas ag súil leis – gur chinn an Chomhairle Ealaíon, i mí an Mheithimh 2024, deireadh a chur leis an tionscadal forbartha agus córas bainistíochta deontas a cheannach den tseif ina áit.

Leag an Chomhairle Ealaíon buiséad de €2.97 milliún síos faoi choinne an tionscadail a chéadair agus ceapadh go gcuirfí ar fáil é faoi dheireadh na bliana 2021. Chosain an obair a rinneadh ar fhorbairt an chórais aníos go dtí Meitheamh 2024 €6.5 milliún. Measann an Chomhairle Ealaíon gur féidir sciar den chóras, ar fiú €1.2 milliún é, a athúsáid agus córas atá le ceannach den tseif á chur i bhfeidhm. Maidir leis an bhfuilleach, sainithníodh mar chaiteachas é de réir mar a bhí an tionscadal ag dul ar aghaidh, nó rinneadh é a dhíscríobh i nóta 7 leis na ráiteas airgeadais mar dhiúscairt sócmhainní ríomhaireachta faoi fhorbairt.

Meastar gurb ionann an caillteanas iomlán luacha i leith an tionscadail aníos go dtí Meitheamh 2024 agus €5.3 milliún.



Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General
24 June 2024



Seamus McCarthy
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
24 Meitheamh 2024

Appendix to the report

Responsibilities of Council members

As detailed in the governance statement and Council members' report, the Council is responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 25 of the Arts Act 2003
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 25 of the Arts Act 2003 to audit the financial statements of the Arts Council and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltáí na Comhairle

Mar a leagtar amach i ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltáí na Comhairle, tá an Chomhairle freagrach as an méid seo a leanas:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 25 den Acht Ealaíon 2003
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais, faoi réir FRS102
- rialtacht na n-aistrithe a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an cuí nó nach cuí an bunús gnóthais leantaigh cuntasaióchta, agus
- an oiread rialaithe inmheánaigh agus is cuí, dar leo, le hullmhú na ráiteas airgeadais atá saor ó mhíríteas ábhartha, de bharr calaoise nó earráide, a chumasú.

Dualgais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm, faoi Alt 25 den Acht Ealaíon 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle Ealaíon agus tuairisciú a dhéanamh orthu do Thithe an Oireachais.

Tá sé de chuspóir agam agus an t-iniúchadh idir lámha agam dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán míráiteas i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míráiteas a bheith ann de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go bhféadfadh tionchar a bheith acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar mar thoradh ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Mar chuid de sin,

- Aithním agus measaim rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais de bharr calaoise nó earráide; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dheardh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus bailím fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó an baol nach n-aimseofar míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná ceann de bharr earráide, de bharr go bhféadfadh

- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Arts Council's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Arts Council to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion:

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh a fheileann don chás, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl ar éifeacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar iomchuíbheas na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara.
- Tarraingim conclúidí ar iomchuíbheas úsáid an bhunúis gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a bhailítear, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann mar a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí a d'fhéadfadh amhras a chruthú maidir le cumas na Comhairle Ealaíon leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má shocraím gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, tá orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na faisnéisithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na faisnéisithe sin, mo thuairim a leasú. Bunaítear mo chuid conclúidí ar an bhfianaise iniúchta a bhailítear suas le dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, mar gheall ar imeachtaí nó ar dhálaí amach anseo go stopfadh an Chomhairle Ealaíon ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, na faisnéisithe san áireamh, agus ar cé acu an ndéanann nó nach ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar bhun-áistríthe agus ar bhun-imeachtaí ar bhealach cothrom.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil dualgas orthu i leith rialachais mar a bhaineann sé le scóip agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus le torthaí suntasacha an iniúchta, easnaimh shuntasachta i smacht inmheánach a aithním le linn m'iniúchta san áireamh, i measc ceisteanna eile.

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- mura leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- mura mbíonn na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Eolas eile nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chuimsítear i mo thuairimse ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a cuireadh ar fáil leis na ráitis sin, agus ní thugaim conclúid de chineál ar bith orthu sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá orm faoi na Caighdeáin an t-eolas eile a chuirtear ar fáil a léamh agus, lena linn sin, machnamh a dhéanamh ar cé acu an dtagann nó nach dtagann an t-eolas eile sin leis na ráitis airgeadais nó le heolas a bailíodh le linn an iniúchta, nó an bhfuil an chuma air gur míráiteas ábhartha é. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile seo, tá orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Déanaim an t-iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí ceaptha dó nó nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Scope of Responsibility

On behalf of the Arts Council, I acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal control is maintained and operated. This responsibility takes account of the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies 2016.

Purpose of the System of Internal Control

The system of internal control is designed to manage risk to a tolerable level rather than to eliminate it. The system can therefore only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded and that material errors or irregularities are either prevented or detected in a timely way.

The system of internal control, which accords with guidance issued by the Department of Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform has been in place in the Arts Council for the year ended 31 December 2023 and up to the date of approval of the financial statements.

Capacity to Handle Risk

The Arts Council has an Audit and Risk Committee (ARC) comprising two Council members and three external members, one of whom is the Chair, with financial and audit expertise. The ARC met five times in 2023.

The Arts Council has also established an internal audit function. An accounting firm is appointed to perform the internal audit process and conducts a programme of work agreed with the ARC.

The ARC has developed a risk management policy which sets out its risk appetite, the risk management processes in place and details the roles and responsibilities of staff in relation to risk. The policy has been issued to all staff to read who are expected to work within the Arts Council's risk management policy, to alert management on emerging risks and control weaknesses and assume responsibility for risks and controls within their own area of work.

Risk and Control Framework

The Arts Council has implemented a risk management system which identifies and reports key risks and the management actions being taken to address and, to the extent possible, to mitigate those risks.

Raon na Freagrachta

Ar son na Comhairle Ealaíon, aithním go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 san áireamh san fhreagracht sin.

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnta a sholáthar, agus ní dearbhú dearfach, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á n-aimsíú ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Chomhairle Ealaíon don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

An cumas riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an gComhairle Ealaíon ar a bhfuil beirt chomhaltaí de chuid na Comhairle agus triúr comhaltaí seachtracha, a bhfuil taithí airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus is duine díobh sin an Cathaoirleach. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile cúig huaire in 2023.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh curtha ar bun ag an gComhairle Ealaíon freisin. Ceapadh comhlacht cuntasáiochta chun an próiseas iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm agus tugann sé faoi chlár oibre a aontaíodh leis an ARC.

D'fhorbair an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach inghlacthacht riosca an choiste, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina mionsonraítear ról agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir le léamh atáthar ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartas bainistíochta riosca na Comhairle Ealaíon, d'fhonn an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí a thagann chun cinn agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá gcuid réimsí oibre féin.

Creáil Riosca agus Rialaithe

Chuir an Chomhairle Ealaíon córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear príomhrioscaí agus ina dtuairiscítear orthu agus na gníomhartha bainistíochta atáthar a ghlacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú, a mhéid is féidir.

A risk register is in place which identifies the key risks facing the Arts Council and these have been identified, evaluated and graded according to their significance. The register is reviewed by the ARC on an ongoing basis. The Risk Register is a standing agenda item at Council Plenary Meetings. The outcome of these assessments is used to plan and allocate resources to ensure risks are managed to an acceptable level.

The risk register details the controls and actions needed to mitigate risks and responsibility for operation of controls assigned to specific staff. I confirm that a control environment containing the following elements is in place:

- procedures for all key business processes have been documented,
- financial responsibilities have been assigned at management level with corresponding accountability,
- a comprehensive budgeting system with an annual budget that is reviewed and agreed by Council members,
- systems aimed at ensuring the security of the information and communication technology systems,
- systems in place to safeguard the assets, and
- control procedures over grant funding to outside agencies ensure adequate control over approval of grants and monitoring and review of grantees to ensure grant funding has been applied for the purpose intended.

Ongoing Monitoring and Review

Formal procedures have been established for monitoring control processes and control deficiencies are communicated to those responsible for taking corrective action and to management and the Council, where relevant, in a timely way. I confirm that the following ongoing monitoring systems are in place:

- key risks and related controls have been identified and processes have been put in place to monitor the operation of those key controls and report any identified deficiencies,
- reporting arrangements have been established at all levels where responsibility for financial management has been assigned, and
- there are regular reviews by senior management of periodic and annual performance and financial reports which indicate performance against budgets/forecasts.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Comhairle Ealaíon agus sainithníodh iad sin, rinneadh measúnú orthu agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gclár ar bhonn leanúnach. Is mír bhuan ar an gclár cruinnithe é an Clár Rioscaí ag Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle. Baintear leas as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus chun freagracht as oibriú rialuithe a shannadh d'fhoireann shonrach. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- tá na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó breactha síos,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfheagrach,
- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn comhaltaí na Comhairle,
- córais atá dirithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide,
- córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
